Feilm Gaoithe na Muinge Moire/Dumha Locha.

Uimhir Iarratais PAX16.324387

Seoladh : Dumha Locha, Gaoth Sáile, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo F26 T0X3

A Chara, Ba mhaith liom fhéin Áine Ní Chiaráin, mo fhear céile Séamus O'Hara agus mo mhac Dónall O'Hara cur in aghaidh fheilm gaoithe na Muinge Móire /Dumha Locha. Rugadh agus tógadh anseo mise agus tá teach agus talamh againn anseo. Tá ár gclann agus gar chlann ag cur futhu anseo freisin agus cuirfidh an fhorbairt seo isteach go mór ar ár saol.

Níl an suíomh atá roghnaithe ag RWE feiliúnach in aon bhealach do thogra den chineál seo. Is portach nó i nGaeilge na háite seo BOGACH ( focal a thugann léargas cruinn ar an gcineál talún ata i gceist) an suíomh ar fad. Tá an suíomh á thaoscadh ag ceithre mhuing (sruthán) iad uilig ag sileadh isteach i gCuan an Fhóid Dhuibh, ceantar caomhnaithe speisialta do éin. Má théann an togra seo ar aghaidh tógfar bóithre áise tríd an suíomh, tochalfar an 435 heicteár , líonfar gach poll le iarann agus coincréid chun na tuirbiní ollmhóra a iompar agus silfidh brocamas agus truaillú isteach sa chuan de bharr na corraíle tógála .Nuair a bhí tionscail conspóideach eile ag feidhmiú ar an suíomh seo bhí an truailliú ag sileadh isteach sa chuan agus é le feiceáil go soiléir sa bhfarraige agus ar an trá. Go heiceolaíoch is suíomh luachmhar é seo agus millfear eiceolaíocht na bportach idir ghnáthóga, phlandaí, feithidí agus éin agus déanfar díobhail sa bhfarraige agus cois trá.

Tá na tuirbíní atá beartaithe ró ard agus ró ghar do thithe. Dar leis an t-iarratas atá os bhur gcomhair teastaíonn ón gcomhlucht 13 Tuirbín ar aoirde de 180 méadar a thógáil, beidh said níos aoirde ná an Spire i Sraid Uí Chonaill, agus le feiceáil as chuile cheard den cheantar, ó Bhaile Chruaich agus an bPáirc Náisiúnta ,ó Theach Solais an Fhóid Dhuibh , ó bhaile Bhéal an Mhuirthead, ó bhealach an Atlantaigh Fhiáin atá tar éis cabhrú go mór le tionscail na turasóireachta atá ag blathú sa cheantar. Má scriostar áilleacht na h-áite cuirfidh sin deire leis an turasóireacht, tionscail atá ag fás anseo. Le tamall de bhlianta de bharr deiseanna cian-oibre tá daoine óga le teaghlaigh ag filleadh anseo agus tithe tógtha acu ann. Má tá an áit breac le feilmeacha gaoithe atá ag díothú luach a gcuid maoine cuirfidh sin deire leis an treocht sin. Tá na tuirbíní atá molta ró-ard, ró ghar do thithe , cuirfidh said isteach go mór ar shaol agus compórd na ndaoine a bheadh gar dóibh agus millfidh said áilleacht na h-áite don phobal ar fad.

Tá an t-iarratas an-ghann ar eolas . I gcás na heitleoireachta is ar aon tuirbín déag (11) seachas trí cinn déag (13) a rinne comhairleoir RWE measúnú , tá sé lochtach mar sin. Ní luaitear an staisiúin athbhreoslaithe SAR de chuid an Gharda Cósta ag Teach Solais an Fhóid Dhuibh, nó na heitiltí rialta a tharlaíonn anseo dá bharr, rud a thabharfadh le fios nach bhfuil taighde críochnúil déanta faoin gceantar.

I gcás na tógála deir an comhlucht go mbeidh 724 Ghluaiseacht lorraí in aghaidh an lae i gceist ach níor dhúirt siad cé'n meachain a bheidh i gceist le chuile ualach, easnamh mór sa phlean bainistiú tráchta .Tá na bóithre cúng ach de bharr uasgradú do bhealach an Atlantaigh Fhiáin tá siad feabhsaithe le tamall de bhlianta agus is baolach go scriosfar iad má tá 724 turas lorraí in aghaidh an lae orthu. Ní léiríonn an t-iarratas go dtuigeann an Comhlucht an éifeacht a bheadh ag an gcineál sin tráchta ar shaol na ndaoine gan trácht ar Othar Charranna , go h-áirithe i gcásanna éigeandála , ar bhusanna a thugann an pobal go clinicí leighis, busanna scoile, ar rothaithe agus ar eile. Ceantar mór siúil agus rothaíochta is ea é seo do thurasóirí agus don phobal.

I dtogra mór den chineál seo ba cheart go mbeadh sin le feiceáil go soiléir san iarratas pleanála, óir is ar an iarratas sin den chuid is mó atá an pobal ag braith. Ní raibh an comhlucht sásta teacht chun

cainte linn ag aon chruinniú poiblí. Labhair siad le daoine i bhfoisceacht aon (I) chileméadar den suíomh . Is dea- chleachtas buaileadh go h-oscailte leis an pobal a bhfuil tú ag iarraidh obair ina measc agus a dtír dreach a athrú ó bhun, luach a gcuid tithe a scrios gan trácht ar an bhfothrom leanúnach a bheadh le clos agus an chontúirt go mbeadh caochaíl (flicker) ag cur isteach ar dhaoine freisin.

Ní féidir braith ar an measúnú fuaime a rinneadh ar thorann nó fothrom, bhí sin lochtach óir bhris cúig cinn as seacht den ghléasra fuaime .

I gcuid 2.1 den iarratas pléitear rogha eile . I bhfianaise go maíonn RWE gur comhlucht iad a fhorbraíonn feilmeacha gaoithe ar mhuir, is ait nach é sin ceann de na rogha sa chuid seo den iarratas.

Chuir Comhairle Chontae Mhaigh Eo in aghaidh an iarratais agus chuir in iúil do RWE fhéin nach raibh said sásta leis ar bhun tionchar físiúil. Níl sinne sásta ar an mbun céanna. Is ceantar álainn é seo agus chuirfeadh na tuirbíní seo isteach go mór ar an dreach tíre agus na radharcanna áille. Beis siad rí-fheiceálach san oíche freisin . Beidh deire go deo leis na Spéartha Dorcha sa Pháirc Náisiúnta i mBaile Chruaich a bhfuil cáil domhanda orthu, ní bheidh le feiceáil ach rabhcáin dearga 180 méadar san aer.

Níl aon rud againne in aghaidh tuirbiní gaoithe ach iad a bheith lonnaithe i bhfad ó thithe agus gan a bheith ag milleadh áilleacht. Tá an fheilm gaoithe is mó san Eoraip sa cheantar seo cheana féin agus an pobal thart ar céasta ag fothrom agus caochaíl . Idir na feilmeacha atá ag feidhmiú cheana sa Chontae seo agus na cinn a bhfuil cead pleanála faighte acu is féidir le Contae Mhaigh Eo ós cionn 1100 megawatt a sholáthar. Tá sprioc don tír ar fad ag an Rialtas de 9000 megawatt de fhuinnimh ó fheilmeacha gaoithe ar thalamh faoi 2030. Tá sé in am anois ag Contaethe eile a gcuid a dhéanamh go h-áirithe na contaethe is mó úsaide leictreachais le daonra mór.

San iarratas lorgaíonn RWE cead pleanála thar tréimhse deich mbliana ach deir i Cuid 14.2 go ndéanfar an obair thar tréimhse dhá bhliana. Cé acu seo atá fíor, an bhféadfadh an obair a bheith ag dul ar aghaidh agus ag cur isteach ar an bpobal ar feadh deich mbliana. Chomh maith leis na tuirbíní ollmhóra beidh staisiúin stórála ar an suíomh ach níl aon iarratas pleanálai i leith an chábla a thabharfadh an chumhacht ón staisiuin stórála fad le Béal Átha an Chomhraic, aistear 25 cileméadar ar an bpríomh bhothar amach as Iorras chuig Oispidéal Chaisleán a' Bharraigh nó Ionad mion ghortaithe Bhéal an Átha, déanfar an t-iarratas sin amach anseo.

Tuigimíd go léir an gá atá le fuinneamh athnuaite agus neamhspleáchas fuinneamh ach níor cheart do phobal amháin níos mó den ualach a iompar ná cinn eile. Ní anseo atá na hIonaid Sonraí Móra , is in aice leosan is ceart na feilmeacha gaoithe a lonnú, úsáideann siad 23% de leictreachas na tíre agus ní íocann siad an ráta céanna leis an gnáth dhuine. Thart anseo íocann an gnáth dhuine níos mó ná custaimeirí eile, buan mhuirear (standing charge) atá 50% níos daoire ná cuistimeirí leathchéad mile uainn.

Maíonn na comhluchtaí forbartha gaoithe go gcuirfear cistí pobail ar fáil amhail agus gur faoi airgead é seo . Tá ár gcion déanta ag an ceantar seo cheana fhéin, is ann atá Gas na Coiribe a tharraing conspóid agus achrann, tá feilmeacha gaoithe ag obair anseo cheana féin, an ceann is mó san Eoraip ina measc. Níl uainn ach ceart ,cóir agus cothroime. Ní chúiteodh aon airgead an pobal as an díobháil a dhéanfaidh forbairt mar seo i gceantar álainn tuaithe ar imeall an Atlantaigh.